

Luan Cásca seo gaib tarainn agus mé ag breathnú ar lánú ag dul fé éuing an posta, d'imig mo cuid smaointe siar go dtí laetanta m'Uncail Donnca.

Bí Donnca "com haerae leis an gcaislin cloe". Aon ait 'na mbíod spórt is siamsa, pé acu ráiseanna capall, caiteam bullaí, nó rinne, bíod sé ann gan teip agus do b'annam in aon ait é gan gasra timpeall air ag gáiri fé na ráite grinn a bíod ar siúl aige.

Bí ard-meas ag na mná óga ar Donnca agus níor taise dó féin é; bí an-tóir aige ar cailíní deasa. Bí go maí agus ní raib go holt go dtí gur smaoinig a atair go mba mítid don stócae seo socrú síos agus pósad, in ionad beit ag gabáil amac gan aidm, gan cuspóir ag caiteam a cuid ama in aisce ar mná óga gan tala, gan gustal. Socraíod, ná sea, ar cleamnas a déanam do, ac ní raib leigeas aige air.

Táinig an lá mór fé deiread. Bí sé féin, a atair, a mátair, cúpla áintín agus cúpla uncal leis agus roinnt gaol eile bailite le céile i dtig tábairne ar an mbaile mór ag fanúint go dtiocad an sean a raib sé le pósad agus a cos-áuintir féin. Ní raib mórán cainte as cinne, ac gac duine den gasra ag fanúint cuíosac dúr mar daoine a bead ar tí rud éigin mór, mítaitneamh a déanam. Ní raib focal ar bit as Uncal Donnca. Bí sé ag dul siar 'na aigne ar na laetanta goala a caít sé ag caidreáil le Peig, an cailín do b'ansa leis - ac nar áil len a atair mar iníon céile. Smaoinig Uncal Donnca ar com datúil agus a bí sí - com datúil san go mbíod ead ar na stócaig eile se ceantar gur ar Donnca amain a cuir sí speic, ac cad é an maiteas é sin nuair bí a atair tar eis a rá: Ní cuireann datúlact an corcan ar fiucaid."

Sea, ba nó ócáid sonasac a caít se le Peig. Bris a Gáire air, goall leis, nuair cuimnig sé ar an oíce ar bain sé goit as Maide baile nuair deas Maide gurb iad na púcaí a bí ag caint ag geata na reilige - agus nac raib ann ac Uncal Donnca agus Peig in éineact leis ag gabáil don tsiosma beag cainte is aoubinn le leannain. Smaoinig sé -

Cuiread istocac go hobann ar a cuid smaointe nuair euala sé duine den cuideacta sa tábairne ag rá go dúr: "Seo eugaimm iad."

Tangadar istocac - atair agus mátair an cailín, gaolta léi ar taob a hatar agus a mátair, scata comarsan - agus an cailín féin. A tiarcas! Cad é mar duairceas a tit ar m'uncal nuair conaic sé don ead uair an cailín len a raib sé eun an cuid eile dá saol a caiteam. 'Na cuid focal féin, "Nuair bí Dia ag bronnad na datúlacta ar bantraet na hÉireann, ní fuláir nó bí Sorca Boet as látair." Sea, de réir dealraim, bí cúrsaí sciaacta go holt aici agus, eun an caidp báis a eúr ar an scéal, dúirt Uncal Donnca go raib "na eúl-fiacla go léir aici!"

B'féidir gur tug na daoine eile sa cuideacta fé ndeara an gruain a bí ar m'uncal, nó gur fág sé a tioneur ortu féin, ac, ar cuma éigin, bí sagas duaircis ar gac cinne sa tseomra. Ní raib aon aobneas sa caint agus ba leam an t-ábar cainte, dar le hUncal Donnca, a bí áplé - gac cinne ag traet ar an ndroc-ainsir, com dona agus bí na barraí, luacanna stoic feirme 7rl, ac gan tagairt ar bit do cúrsaí grá agus romansaíocta - rud a taitneod go scoig le m'uncal, toisc go raib sé 'na udaras ar an ábar!

Fé deiread, briscaid go hobann ar an gcaint leam seo nuair dúirt duine do áintíní Sorca i nglór caointeac:

"Beimid go huaignocac in éagmais Sorca feasta."

Mar urcar as gunna, bain m'uncal feidm as an ndeis. Scas sé go hobann, dún sé a cota agus tug sé agaid ar an ndoras. Stad sé ansan ar fead scaimín agus ar seiscan go dúslánac: